# Polasaí Measúnaithe Ghaelcholáiste Charraig Uí leighin

## 1. Ginearálta

### 1.1 Scóp

Baineann an polasaí seo le daltaí uile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foireann Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Cuirtear i bhfeidhm é le linn scoile agus le linn scrúdaithe stáit. Cruthaíodh an polasaí seo i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara uile na scoile.

### 1.2 Réasúnaíocht

Aithníonn an polasaí seo an dalta mar dhuine aonair speisialta agus na slíte ina ndéantar measúnú ar fhoghlaim gach dalta. Tacaíonn modhanna éagsúla measúnú go mór leis an bhfoghlaim agus le folláine an pháiste. Baintear úsáid as measúnú chun aiseolas a thabhairt do dhaltaí ar conas dul chun cinn a dhéanamh, mar foinse aiseolais do mhuinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí ar fhorbairt na ndaltaí mar fhoghlaimeoirí, agus chun tacú le gach dalta barr a gcumas a bhaint amach.

### 1.3 Nascanna leis an Scoil

Tugtar tacaíocht do gach dalta barr a gcumas a bhaint amach i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Baineann scoileanna usáid as modhanna measúnaithe éagsúla chun daltaí a spreagadh chun foghlama agus chun forbartha  i ngach aon bhealach. Déantar gach

iarracht daltaí a spreagadh agus dúshláin a thabhairt ar bhonn laethúil, agus tá ról lárnach á ghlacadh ag measúnú san obair seo.

### 1.4 Cómhthéacs

Ba cheart an Polasaí seo a léamh i gcomhthéacs threoirphrionsabail na scoile mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas, chomh maith leis an bPolasaí Obair Bhaile, an Polasaí Folláine, an Polasaí RSO agus Cód Iompair na scoile. De réir an t-Acht Oideachais (1998), tá dualgas ar scoileanna measúnú rialta a dhéanamh ar dhaltaí, agus tuairisc a chur chuig tuismitheoirí/caomhnóirí go thréimhsiúl. Tré na dualgaisí seo a chomhlíonadh, forbraíonn scoileanna módhanna measúnaithe a thugann tuairisc chruinn ar dul chun cinn agus buanna gach dalta.

### 1.5 Sainmhíniú

Is é an sainmhíniú ar measúnú ná an próiseas fianaise ar an bhfoghlaim a ghiniúint, a bhailiú, a thaifeadta, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Cuireann measúnú fáisnéis ar fáil maidir le dul chun cinn foghlama, agus gnóthachtáil i bhforbairt scileanna, eolas, iompraíochtaí agus dearcthaí.

## 2. Spriocanna an Pholasaithe

Seo a leanas na spriocanna i leith measúnú i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin:

- **a)** An deis is fearr a thabhairt do gach dalta rath a bhaint amach trí mhódhanna mheasúnaithe éagsúla a úsáid;
- **b)** Monatóireacht a dhéanamh ar dul chun cinn gach dalta;
- **c)** Sainaithin nuair nách bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag dalta;
- **d)** Daltaí agus tuismitheoirí a bheith ar an eolas faoi bhuanna nó deacrachtaí atá á léiriú ag dalta;
- **e)** Daltaí a bheith rannpháirteach agus ceangailte le linn ranganna;
- **f)** Daltaí a bheith gníomhach mar fhoghlaimeoirí ina gcuid foghlaim féin;

**g)** Daltaí a bheith gníomhach mar acmhainní foghlama dá chéile;

**h)** Daltaí ag mothú freagrach dá gcuid foghlaim féin;

**i)** Cumas na ndaltaí glacadh l'aiseolas, é a thuiscint, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt;

**j)** Cumas na ndaltaí athmhachnamh a dhéanamh ar a c(h)uid oibre;

**k)** Cabhrú le pleanáil ghearrthéarmach agus fadtéarmach múinteoirí;

**l)** Tacú leis an bPlean Feabhsúchán Scoile;

**m)** Freagrachtaí na scoile maidir leis an Uimhreacht agus Litearthacht a chomhlíonadh;

**n)** Daltaí a spreagadh chun barr a gcumas a bhaint amach.

**o)** Chun bonnlíne sonraí daltaí a fhorbairt sna hábhair éagsúla;

**p)** Chun leibhéal cuí a aithint agus a mholadh do gach dalta don Sraith Shóisearach agus Shínsearach;

**q)** Chun daltaí a d'fhéadfadh a bheith i dteideal ar thacaíocht breise a aithint, agus chun tuilleadh sonraí agus fianaise a bheith i seilbh na scoile agus/nó tuismitheoiri/caomhnóirí agus iad ag dul i dteagmháil le siceólaí oideachais nó na hÚdaráis cuí;

**r)** Chun cabhrú leis an scoil daltaí a aithint go bhféadfaí tagairt a dhéanamh dóibh le duine proifisiúnta/údarás seachtrach le haghaidh tástála nó idirghabhála díreach.

## 3. Modhanna Measúnaithe

### 3.1 Measúnú chun Foghlama agus Measúnú den Fhoghlaim

Cé go dtuigtear an tábhacht agus láidreacht de chuid ár gcóras oideachais é an saineolas a bhaineann le daltaí a ullmhú le haghaidh scrúduithe stáit nó measúnú den fhoghlaim, aithnítear chun an sprioc seo a bhaint amach, go hardchaighdeán, go bhfuil gá le na daltaí a bheith ag glacadh páirt lárnach sa phróiséas foghlama agus a bheith in ann an saineolas seo a chur i bhfeidhm go muiníneach ag an deireadh.

Ar an mbonn seo cuireann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin béim ar an gcur cuige measúnú chun foghlama go leanúnach sa seomra ranga. Tá tábhacht leis an dá chuid measúnú den fhoghlaim agus measúnú chun foghlama san oideachas agus i gcleachtas

seomra ranga agus scoile. Ní cleachtais iad atá in aghaidh a chéile nó atá ag teacht salach ar a chéile ach a thacaíonn agus a neartaíonn a chéile.

## 3.2 Measúnú Foirmitheach

Cuireann measúnú foirmitheach béim ar ról gníomhach an dalta ina c(h)uid foghlama chun tacú leis an bhfoghlaim agus feabhas a chur uirthi. Baintear úsáid as straitéisí ar leith chun aiseolas a sholáthair do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí ar tuiscint agus dul chun cinn an dalta ar a gcuid foghlama. Tarlaíonn measúnú foirmitheach roimh, le linn agus tar éis ceachtanna seachas ag an deireadh.

### 3.2.1 Measúnú Foirmitheach sa Seomra Ranga

**Straitéisí**

Úsáidtear measúnú foirmitheach i seomraí ranga Gaelcholaiste Charraig Uí Leighin mar úirlis a fheabhsóidh foghlaim an dalta. Is iad seo a leanas na straitéisí a úsáidtear:

(a) spriocanna foghlama a chomhroinnt ag tús aonaid foghlama.
(b) critéir reatha an mheasúnú a chomhroinnt agus a mhíniú.
(c) samplaí a bhaineann na critéir reatha seo amach a chur ar fáil.
(d) cabhrú le daltaí na caighdeáin atá siad ag iarraidh a bhaint amach a aithint.
(e) páirt a thabhairt do na daltaí sa mheasúnú ar a gcuid foghlama féin.
(f) aiseolas a sholáthar, chun go dtuigfidh daltaí an méid is gá dóibh a dhéanamh chun bearnaí ina gcuid eolais nó ina gcuid tuisceana a líonadh.
(g) a chur ina luí ar dhaltaí go bhfuil ar chumas gach dalta dul i bhfeabhas.
(h) mionathrú a dhéanamh ar an teagasc chun torthaí measúnachta a chur san áireamh.
(i) aitheantas a thabhairt d'aon gnóthachtáil a bhaintear amach.

Aithnítear nách bhfuil gach straitéis, thuas luaite, oiriúnach do gach cuid don churaclam agus is é/í an múinteoir a roghnaíonn na modhanna is éifeachtaí don ábhar sin. Úsáideann múinteoirí réimse leathan teicnicí agus uirlísí TFC chun na straitéisí seo a chur i bhfeidhm. *Tá liosta dóibh le fáil in aguisín 1 agus aguisín 2.*

### 3.2.2 Measúnú Rang-Bhunaithe (MRB)

Tabharfaidh daltaí na Sraithe Sóisearaí faoin MRB faoi stiúir an mhúinteora agus thar tréimhse ama a leagann an CNCM amlínte ar leith do gach MRB.

**Cúiseanna le haghaidh MRB**

A. Tabharfaidh na MRBnna deis do dhaltaí a gcuid tuisceana agus scileanna a léiriú ar dhóigh nárbh fhéidir a dhéanamh i scrúdú foirmiúil.
B. Éascóidh MRBnna aiseolas ar dhul chun cinn daltaí nuair a bhíonn MRB idir lámha acu agus ag deireadh an phróisis.
C. Is cuid lárnach den mheasúnú leanúnach agus de ghnáthchleachtas an tseomra ranga iad na MRBnna.
D. Clúdóidh na tascanna réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear láithreoireacht, obair scríofa, gníomhaíochtaí praicticiúla nó dearaidh nó déantúsaíochta, léirithe ealaíne, turgnaimh eolaíochta, tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile.

**MRBnna na n-ábhar**

A. Is é an *CNCM* i gcomhair le *CSS* a shonróidh na tascanna.
B. Tabharfaidh an *CNCM* amlínte ar leith do gach MRB.
C. Beidh dhá MRB i gceist le gach ábhar atá ag tabhairt faoi na sonraíochtaí nua. MRB amháin i mbliain 2 agus an MRB eile i mbliain 3. Faoi láthair tá ceann amháin ar athló.

**MRBnna na ngearrchúrsaí**

A. Is é an roinn scoile a bhaineann leis an ngearrchúrsa a shonróidh na tascanna seo.
B. Tabharfaidh an roinn scoile amlínte ar leith do gach MRB.
C. Beidh MRB amháin i gceist le haghaidh gach gearrchúrsa.
D. Tarlóidh an MRB i mbliain 3.

## 3.3 Measúnú Suimitheach

Measúnú foirmiúil a bhíonn i gceist le measúnú suimitheach agus tarlaíonn sé ag deireadh tréimhse foghlama: deireadh aonaid, deireadh téarma nó deireadh bliana. Tugann sé achoimre ar gnóthachtálacha an fhoghlaimeora.

Is feidir le measúnú suimitheach a bheith i bhfoirm scrúduithe foirmeálta nó píosa oibre a tugtar faoi thar thréimhse ama. Úsáidfear obair phraiticiúil agus imscrúdaithe freisin i roinnt ábhar cuí.

### 3.3.1 Measúnaithe Suimitheacha na Sraithe Sóisearaí

| | **Cathain** | **Bliain 1** | **Bliain 2** | **Bliain 3** | **Bliain 4** | **Bliain 5** | **Bliain 6** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scrúduithe Ranga** | Go rialta | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| **Scrúduithe na Samhna** | Seachtain roimhe an briseadh meántéarma | | | ✓ | | | ✓ |
| **Tasc Measúnaithe** | Tabharfaidh an *CNCM* amlínte ar leith don TM. | | | ✓ | | | |
| **Scrúduithe na Nollag** | Seachtain roimh saoire na Nollag | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bréagscrúduithe** | Coicís an bhrisidh mheáintéarma Feabhra | | | ✓ | | | ✓ |
| **Scrúduithe an tSamhraidh** | Seachtain roimh saoire an tSamhraidh | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | |

## Tasc Measúnaithe (TM)

A. Déanfaidh daltaí na Triú Bliana an TM faoi stiúir an mhúinteora sa seomra ranga.
B. Is é an *CNCM* a shonróidh an Tasc Measúnaithe scríofa.
C. Is é an Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcálfaidh an TM.
D. Beidh an TM ag teacht le torthaí foghlama an dara MRB agus déanfar iad i ndiaidh an dara MRB.
E. Tabharfaidh an *CNCM* amlínte ar leith don TM.
F. Cabhraíonn sé le scoláirí díriú ar na príomhphointí foghlama a fuair siad le linn dóibh tabhairt faoin dara MRB.
G. Tugann sé deis do dhaltaí tagairt dá gcuid scileanna agus inniúlachtaí a forbraíodh le linn an MRB.
H. Tugann sé deis do dhaltaí cur síos a dhéanmh ar dhóigheanna inár féidir a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i suíomhanna nua.
I. Faoi láthair, táid ar athló.

## Scrúdú Seachtrach Stát-Teastasaithe

A. Tabharfaidh daltaí uile faoi scrúdú scríofa.
B. Cuirfear script an scrúdaithe agus an Tasc Measúnaithe chuig an CSS ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí;
C. Cuirfear script an scrúdaithe chuig an CSS ag leibhéal na hÁrdteiste;
D. Marcálfaidh an CSS na scrúduithe seo.

E. De réir curaclam Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin tabharfaidh daltaí an Ghaelcholáiste faoi 9 n-ábhar ar a mhéad sa Sraith Sóisearach agus 7 gcinn san Árdteist.

### 3.3.2 Measúnaithe Suimitheacha na hIdirbhliana

| | **Cathain** |
|---|---|
| **Scrúduithe Ranga** | Go rialta |
| **Scrúduithe na Nollag** | Seachtain roimhe Saoire na Nollag |
| **Ríomhphunann** | Mí na Nollag agus Mí Bealtaine |
| **C.V.** | Mí na Nollag agus Mí Bealtaine |
| **Agallamh** | Mí Aibreán/Bealtaine |
| **Scrúduithe an tSamhraidh** | Seachtain roimhe saoire an tSamhraidh |
| **Scrúduithe ag deireadh na rothlaithe** | Ag deireadh gach rothlú sna hábhair roghnacha. |

### Scrúduithe na Nollag agus an tSamhraidh

a) Beidh scrúduithe foirmeálta ag na hábhair seo a leanas: Gaeilge, Béarla, Mata, Spáinnis.

b) Is féidir scrúdú foirmeálta a chur ar fáil in aon ábhar eile atá á staidéar ag daltaí na hIdirbhliana má cheaptar go gcuirfeadh sé le dul chun cinn na ndaltaí.

c) Ní mhairfidh aon scrúdú níos faide ná dhá uair an chloig.

**Ríomhphunann**

a) Déanfar measúnú suimitheach ar ríomhphunanna na ndaltaí faoi dhó le linn na bliana.
b) Leanfar an rúibric leagtha síos ag Coiste na hIdirbhliana agus an measúnú á dhéanamh.
c) Roinnfear na critéir reatha seo le daltaí ag tús na bliana agus déantar tagairt dóibh go rialta le linn na bliana.

## 3.3.3 Comhpháirt Mheasúnaithe Breise (CMB)

Faoi chlár Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, áireofar ar ábhair nua na hArdteistiméireachta in Éirinn (ag tosú le hábhair eolaíochta in 2027) Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) ar fiú ar a laghad 40% de na marcanna iomlána, a chuimsíonn obair thionscadail, tascanna praiticiúla nó bailiúcháin go minic. Beidh na comhpháirteanna seo incháilithe do mharcanna bónais le críochnú trí Ghaeilge.

1) Cuireadh tús le CMB'nna in ábhair ar leith i Meán Fómhair 2025 (Daltaí 5ú Bliana) a bhainfidh le scrúduithe 2027.
2) Déanfaidh an CSS measúnú seachtrach orthu.
3) Tabharfaidh muinteoirí maoirseacht agus comhairle don rang ghrúpa nuair a oibreoidh na daltaí orthu ina ranganna. Caithfidh an dalta an CMB a dhéanamh iad féin. Ní cheadaítear do mhuinteoirí cabhair a thabhairt chun an CMB a dhéanamh leis an dalta.
4) Fógraíonn an CSS rialacha agus gnáthaimh ar thaisceadh na CMB'nna chun a chinntiú gur leis an dalta an obair. Cloífidh an scoil leis na rialacha agus gnáthaimh seo go hiomlán.
5) Dóibh siúd a dhéanann ábhar lasmuigh den scoil, tá treoirlínte dochta maidir le obair chúrsa a chur i gcrích. Moltar do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do dhaltaí na treoirlínte seo a léamh go beacht.

6) Is é dualgas an dalta an obair a chomhlíonadh agus cloí leis na dátaí a bhaineann le gach CMB. Cuirfidh an muinteoir ábhair amlíne ar fáil chun cabhrú leis na daltaí an tionscadal a chur i gcrích. Is é dualgas an dalta an amlíne seo a leanúint.

## 4. Rólanna agus Freagrachtaí

### 4.1 Daltaí

Is é freagracht gach dalta:

1) Treoir na muinteoirí a leanúint maidir le ullmhúchán le haghaidh scrúdaithe;
2) Eagar a choimeád ar nótaí boga agus crua;
3) An iarracht is fearr agus is féidir a dhéanamh chun barr a gcumas a bhaint amach;
4) Iad féin a bhainistiú ó thaobh ama de roimh agus le linn scrúdaithe;
5) Scileanna Cumarsáide agus Cur i Láthair a fhorbairt;
6) Foghlaim faoi conas obair a dhéanamh le daoine eile;
7) Meon aigne dearfach, oscailte a bheith acu chun tuairimí agus smaointe éagsúla a mheas agus a thomhas;
8) A bheith sásta glacadh le aiseolas ó mhuinteoirí, agus feabhas a chur ar na gnéithe den bhfoghlaim a mholann an múinteoir;

### 4.2 Tuismitheoirí

Is é freagracht gach tuismitheoir/caomhnóir;

a) A bheith páirteach i bhfoghlaim do pháiste;
b) Scrúdaithe do pháiste a shíniú;
c) Dialann do pháiste a shíniú go seachtainiúl;
d) Teagmháil rialta a bheith agat leis an Oide Ranga agus/nó an Ceann Bliana maidir le dul chun cinn do pháiste;
e) Aon eolas a chuireann an scoil chugat maidir le measúnú do pháiste a léamh;

f) Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí na n-ábhar cuí ag deimhniú gur léigh tú na treoracha faoi na MRBnna a sheoladh chugat;
g) Dul chun cinn do pháiste a thuiscint agus a spreagadh;
h) Cinntiú go bhfuil do pháiste ar scoil agus in am gach lá;
i) A bheith suas chun dáta ar na hathruithe sa Sraith Shóisearach agus sa Sraith Shinsearach;
j) Seiceáil rialta a dhéanamh ar nótaí agus féin-eagar do pháiste;
k) Áit chiúin a chur ar fáil dod' pháiste chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh scrúdaithe;
l) Scileanna Cumarsáide agus Cur i Láthair a chleachtadh le do pháiste;
m) Gach deis a thabhairt dóibh scileanna praicticiúla laethúla a chleachtadh sa bhaile;
n) Gach tacaíocht a thabhairt dod' pháiste le bheith réidh do Scrúdaithe Scoile agus Stáit;

## 4.3 Múinteoirí

Is é freagracht gach múinteoir;

a) Dul chun cinn daltaí a thomhas agus athruithe a dhéanamh ar phleananna ábhair más gá;
b) Treoir agus comhairle a thabhairt do dhaltaí maidir le scrúdaithe;
c) Measúnú foirmitheach agus suimitheach rialta a dhéanamh ar dhaltaí chun riachtanaisí foghlama a ndaltaí a thomhas;
d) Súil ghéar a choimeád ar ord agus eagar nótaí gach dalta;
e) Teagmháil rialta a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le dul chun cinn an dalta;
f) Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí chun eolas faoi na MRBnna a sholáthair dóibh;
g) Oidí Ranga, Cinn Bliana agus Bainistíocht na Scoile a chur ar an eolas faoi dhaltaí ar a bhfuil buairt fúthu;

h) Deiseanna a thabhairt do dhaltaí a mbuanna a fhorbairt agus a úsáid sa mheasúnú;
i) Aiseolas soiléir agus treorach a thabhairt do dhaltaí ar conas feabhas a chur ar a gcuid foghlaim féin;
j) Athbhreithniú a dhéanamh ar a modheolaíochta teagaisc agus foghlaim féin;
k) Athmhachnamh a dhéanamh ar conas a fhoghlaimíonn a ndaltaí;

## 5. Tuairisciú

a) Seolfar tuairiscí scoile chuig tuismitheoirí/caomhnóirí don 1ú,2ú,4ú agus 5ú bliain i mí na Nollag agus i mí an Mheithimh agus seolfar tuairiscí tuairiscí chuig an 3ú agus an 6ú i mí na Samhna agus mí Feabhra .

b) Is tuairisc ríomhaireachta í agus tugann sé deis do mhúinteoirí idirdhealú a dhéanamh idir na leibhéíl éagsúla. Tugtar marc agus grád agus is féidir ráiteas a roghnú ó chlár na ráiteas. Tá rogha ann chomh maith don mhúinteoir a ráiteas féin a scríobh.

c) Síníonn an t-oide ranga agus an príomhoide  gach tuairisc agus is féidir ráiteas ginearálta a dhéanamh ar dhul chun cinn go dtí seo.

### 5.1 Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

Roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá measúnú ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlama scoláirí sna cruinnithe seo. Cabhróidh an próiseas seo chun tuiscint níos fearr a fhorbairt ar chaighdeáin agus cinnteoidh sé leanúnachas i mbreithiúnas ar fheidhmiú scoláirí.

A. Tabharfaidh múinteoirí uile gach ábhar a bhíonn bainteach le teagasc agus le measúnú na Measúnaithe Rang-Bhunaithe ar na AFMÁnna.
B. Tá uair bhreise le tabhairt do mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun ullmhú le haghaidh gach cruinnithe AFMÁ agus é a éascú.

C. Is gnách go ndéantar ról an éascaitheora ar bhonn sealaíochta.

D. Socróidh an scoil am an AFMÁ ag glacadh amanna críche an dá MRB san áireamh.

E. Tabharfaidh múinteoirí leo sampla d'obair mheasúnaithe scoláirí ó gach banda gnóthachtála más féidir.

F. Beidh na samplaí anótáilte go soiléir le tráchtanna múinteoirí.

G. Tabharfar samplaí ina raibh sé dúshlánach teacht ar bhreithiúnas maidir le feidhmiú scoláirí más féidir.

H. Déantar plé ar fheabhas a réitíonn an fhianaise a chuirtear i láthair in obair an scoláire leis na samplaí anótáilte a chuirfidh an CNCM ar fáil.

| **Tuairiscíní do Mheasúnú Rangbhunaithe** |
|---|
| Thar barr |
| Os cionn na n-ionchas |
| Ag teacht le h-ionchais |
| Ionchais le baint amach fós |

## 5.2 Tástáil Siceoméadracha

Tugtar na tastálacha CAT4, nó tastálacha ar chomhchéim leo don 1ú bhliain ag teacht isteach i rith an Earraigh gach bliain.Nuair a bhíonn na torthaí ar fáil buaileann an fhoireannn tréadchuraim le chéile.San áireamh anseo tá na múinteoirí treoirgairme,múinteoirí tacaíocht foghlama, oidí ranga agus bainistíocht na scoile. Aithnítear daltaí le riachtanais speisialta. Seoltar litreacha chuig na tuismitheoirí ag insint dóibh go bhfuil seans go mbeidh achmhainní ar leith ar fáil dá bpáiste. Nuair a bhíonn freagraí faighte ar na litreacha sin, maidir le cabhair ar leith a thabhairt agus cead na dtuismitheoirí faighte, cuirfidh an múinteoir tacaíocht

foghlama clár le chéile ag brath ar thráthchlár agus teacht ar mhúinteoirí tacaíocht foghlama. Cuirfidh an foireann tacaíochta plean oideachais aonair le chéile i gcomhpháirt le tuismitheoirí, daltaí agus bainistíocht na scoile.

## 6. Critéir Reatha

Úsáidtear critéir reatha sa seomra ranga chun cur síos a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil an dalta. Bíonn na critéir reatha nasctha leis na hintinní foghlama agus is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí. Léiríonn an taighde faoi scoláirí a fhaigheann na hintinní foghlama agus na critéir reatha go rialta sa seomra ranga go mbíonn siad:

A. níos dírithe ar feadh tréimhsí ama níos faide
B. níos inspreagtha agus níos gníomhaí ina gcuid foghlama
C. níos freagraí as a gcuid foghlama féin.

Glacadh leis an bpolasaí seo ar an 2ú Deireadh Fómhair 2018.
Rinneadh athbhreithniú air ar an 19ú Bealtaine 2026.